Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/2003

23.7.2024

**CINNEADH (CBES) 2024/2003 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 22 Iúil 2024**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2110 maidir le Misean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 42(4) agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 9 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/2110 ([1]), lenar bunaíodh Misean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) agus sainordú tosaigh aige go dtí an 8 Lúnasa 2022, 2 bhliain tar éis sheoladh EUAM RCA.

(2) An 28 Iúil 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/1333 ([2]), lenar cuireadh síneadh le sainordú EUAM RCA go dtí an 9 Lúnasa 2024.

(3) Is gá síneadh a chur le sainordú EUAM RCA go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2024 chun go bhféadfar an measúnú straitéiseach ar Mhisean an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) agus ar EUAM RCA a thabhairt chun críche.

(4) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2019/2110 a leasú dá réir.

(5) Cuirfear EUAM RCA i gcrích i gcomhthéacs staid a bhféadfadh meath teacht uirthi agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach iad in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2110 mar a leanas:

(1) in Airteagal 13(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Is é EUR 28 400 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá beartaithe chun an caiteachas a bhaineann le EUAM RCA a chumhdach don tréimhse ón 9 Lúnasa 2022 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2024.'.

(2) in Airteagal 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte deireanaí:

'Tiocfaidh deireadh le sainordú EUTM RCA an 31 Deireadh Fómhair 2024.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Iúil 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. BORRELL FONTELLES

([1]) Cinneadh (CBES) 2019/2110 ón gComhairle an 9 Nollaig 2019 maidir le Misean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) (IO L 318, 10.12.2019, lch. 141).

([2]) Cinneadh (CBES) 2022/1333 ón gComhairle an 28 Iúil 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2110 maidir le Misean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) (IO L 201, 1.8.2022, lch. 25).